Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Nollaig 2020
(OR. en)

13513/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0337 (NLE)**

**AVIATION 226**
**RELEX 957**
**MD 2**
**NIS 19**
**OC 14**
**COEST 256**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive i ndáil le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh |

**CINNEADH (AE) 2020/…ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive, i ndáil le le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive[1] ('an Comhaontú') i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2020/951 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 2 Lúnasa 2020.

(2) Le hAirteagal 22 den Chomhaontú bunaítear Comhchoiste atá comhdhéanta d'ionadaithe de chuid na bPáirtithe Conarthacha ("an Comhchoiste") chun riar agus cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú.

(3) Le hAirteagal 22(3) den Chomhaontú foráiltear go bhfuil an Comhchoiste chun a rialacha nós imeachta a ghlacadh.

(4) Chun cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú, ba cheart rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad cruinniú den Chomhchoiste a leagan síos ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlí ag an gcinneadh ón gComhchoiste lena nglactar a rialacha nós imeachta ar an Aontas. Ba cheart seasamh an Aontais laistigh den Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 292, 20.10.2012, lch. 1.

[2] Cinneadh (AE) 2020/951 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2020 maidir leis an gComhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive a thabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais (IO L 212, 3.7.2020, lch. 8).

*Airteagal 1*

1. Is ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste[1] a bhunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú den Chomhchoiste a cuireadh ar bun le hAirteagal 22 den Chomhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive, i ndáil le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh

2. Féadfaidh ionadaithe an Aontais laistigh den Chomhchoiste mionathruithe ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste a aontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfiadh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach doiciméad ST 13515/20 ag http://register.consilium.europa.eu